Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2021
(OR. en)

9484/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0071(COD)**

CODEC 831
COVID-19 245
JAI 674
POLGEN 94
FRONT 218
FREMP 162
IPCR 77
VISA 122
MI 434
SAN 365
TRANS 367
COCON 43
COMIX 306
SCHENGEN 52
AVIATION 147
PHARM 115
RELEX 515
TOUR 43

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID-19 AE) a eisiúint maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach ar chríocha na mBallstát le linn phaindéim COVID-19 agus chun iad a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 17 Márta 2021, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagal 77(2)(c) CFAE, chuig an gComhairle.

2. An 21 Bealtaine 2021, d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú ar thángthas air le Parlaimint na hEorpa i gcruinnithe tríthaobhacha agus d'údaraigh sé don chathaoirleach litir a chur chuig Cathaoirleach Choiste LIBE ina gcuirtear in iúl, i gcás ina nglacfaidh Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh san fhoirm a leagtar amach sa litir sin, faoi réir athbhreithniú arna dhéanamh ag dlítheangeolaithe an dá institiúid, go bhformheasfadh an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa agus go nglacfaí an gníomh san fhoclaíocht a fhreagraíonn do sheasamh Pharlaimint na hEorpa.

[1] 7129/21

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 9 Meitheamh 2021[2].

4. Ag an gcruinniú a bhí aige an 9 Meitheamh 2021, chomhaontaigh Coiste na mBuanionadaithe go n-iarrfaí ar an gComhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in PE-CONS 26/21 é, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

5. Leagtar an ráiteas ón gCoimisiún atá le cur le miontuairiscí chruinniú na Comhairle agus atá le foilsiú i sraith L d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* amach in Aguisín 1. Leagtar na ráitis ón Ostair agus ón mBulgáir atá le cur le miontuairiscí chruinniú na Comhairle amach in Aguisín 2.

6. Iarrtar ar an gComhairle[3] an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in PE-CONS 26/21 é, a fhormheas.

7. Má fhormheasann an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach san fhoclaíocht a fhreagraíonn do sheasamh Pharlaimint na hEorpa.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[2] 9507/21

[3] Níl Éire ná an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl siad faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.